Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7219/25**

**DRS 15**
**ECOFIN 298**
**EF 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2025 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D105674/01 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 1, 7, 9 agus 10, agus le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D105674/01.

---

Faoi iamh: D105674/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2025) XXX draft

**D105674/01**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 1, 7, 9 agus 10, agus le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 1, 7, 9 agus 10, agus le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm[1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún[2], glacadh caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta agus léirmhínithe áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.

(2) An 18 Iúil 2024, d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta ('IASB') *Annual Improvements to IFRS Accounting Standards – Volume 11* faoi chuimsiú a phróisis feabhsúcháin thráthrialta. Tá sé d'aidhm ag na feabhsuithe bliantúla na caighdeáin atá ann cheana féin a chuíchóiriú agus a shoiléiriú. Is é is cuspóir do na feabhsuithe bliantúla aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá tábhachtach ach nach bhfuil práinneach ar phléigh IASB iad le linn thimthriall an tionscadail maidir le réimsí neamhréireachta i gCaighdeáin Idirnáisiúnta IFRS, nó maidir le cásanna ina bhfuil gá le soiléiriú san fhoclaíocht.

(3) Tá leasuithe beaga sna feabhsuithe bliantúla ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRS') 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*, IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais*: *Nochtaí*, IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais* agus IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite* agus Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid*.

(4) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, maidir leis na leasuithe ar IFRS 1, IFRS 7, IFRS 9, IFRS 10 agus ar IAS 7, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

---

[1] IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj.

[2] Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1803, leasaítear an méid seo a leanas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRS') 1 Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;

(b) IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí;

(c) IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais;

(d) IFRS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite;

(e) Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid*.

*Airteagal 2*

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ar a dhéanaí ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó dá éis.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*